


Aonad 8 – Ceacht 3



Iasachtaí Fíor nó Bréagach – Freagraí agus Aiseolas



1. Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh ar iasacht

Bréagach: Caithfidh tú a bheith 18 sular féidir leat iasacht a fháil ó institiúid airgeadais. Cé gur féidir le duine ar bith os cionn 18 iarratas a dhéanamh, níl aon rud a gheallann go n-éireoidh leo. Tógann iasachtóirí go leor fachtóirí éagsúla san áireamh – mar shampla, stair chreidmheasa agus an tslí gur aisíoc tú iasachtaí roimhe seo. Socraítear ráta creidmheasa bunaithe ar líon na n-iasachtaí a bhí agat roimhe, mar aon le líon na n-aisíocaíochtaí.


2. Níl aon difríocht idir cineálacha éagsúla iasachtóirí

Bréagach: Tá go leor difríochtaí eatarthu. Tá sé tábhachtach na difríochtaí seo a fhiosrú. Bíonn téarmaí agus coinníollacha éagsúla acu. Seans go mbeadh aisíocaíochtaí difriúla i gceist. Bíonn téarmaí difriúla ó institiúidí ná mar a bhíonn ag 'Money lender'.



3. Is fearr sábháil a dhéanamh ná iasacht a fháil má tá rud éigin uait – bíonn sé níos saoire

Fíor: Toisc go mbíonn ort ús a íoc ar aon iasacht a fhaigheann tú ó institiúid airgeadais, bíonn costas breise i gceist. Is é seo an chúis go n-íocann tú níos mó ar iasacht ná mar a íocann tú má tá an t-airgead sábháilte agat.



4. Ba cheart billí le haghaidh cártaí creidmheasa a íoc gach mí

Fíor: Má íocann tú an bille gach mí, ní bhíonn ort an méid céanna úis a íoc. Mar shampla, má tá €1000 mar bhille agat agus mura n-íocann tú ar ais ach €30 in aghaidh na míosa, tógfaidh sé trí bliana ort é a íoc ar ais. (Glacann seo le ráta úis timpeall 19% - a bheadh comóna).

5. Má sheasann tuismitheoir le páiste atá ag fáil iasachta, caithfidh an tuismitheoir í a íoc ar ais munar féidir leis an bpáiste

Fíor: Má théann tú i mbannaí ar dhuine éigin, beidh ort an iasacht a aisíoc munar féidir leo. Ciallaíonn sé seo go mbíonn sé tábhachtach machnamh a dhéanamh sula dtéann tú i mbannaí ar dhuine éigin. Ná sínigh aon rud go dtí go mbíonn tú cinnte faoi. Fiosraigh na téarmaí go mion. Bíonn dualgas ar institiúidí iad seo a shoiléiriú.

6. Níl aon fhadhb má chailleann tú aisíocaíocht iasachta amháin

Bréagach: Déanann sé dochar don rátáil chreidmheasa – a imreoidh tionchar ar aon iasacht a bheadh uait sa todhchaí. B'fhearr socrú a dhéanamh leis an institiúid airgeadais seachas ligean leis tarlú.



7. Tá tacaíocht ar fáil dóibh siúd nach féidir leo a n-iasachtaí a aisíoc

Fíor: Má tá deacrachtaí ag duine, ní ceart go mbeadh drogall orthu cúnamh a lorg. D'fhéadfadh siad labhairt leis an mbanc, an Comhar Creidmheasa, nó le comhairleoir airgeadais.

